# Leabharlann Chontae Dhún na nGall

# Leabhrán Club Leabhar



## CONAS IS FÉIDIR LINN CABHRÚ LEAT AGUS DO CHLUB LEABHAR?

Cuireann Leabharlann Contae Dhún na nGall leabhair ar fáil do roinnt clubanna leabhar seachtracha laistigh den chontae.

Is í an treoir ghinearálta ná nuair a dhéantar fiosrúchán ag do leabharlann áitiúil faoi do chlub leabhar féin a bhunú, moltar duine aonair a ainmniú a ordóidh na leabhair agus a bheidh freagrach as na leabhair a úsáideann an grúpa ar leith sin. Tabharfar cárta Bloc-Iasachta don chlub leabhar don ionadaí amháin agus caithfear an cárta a thabhairt ar ais i ndiaidh an chruinnithe.

Cuirfear cóip ar fáil dár Stocliosta Club Leabhar don ainmní. Is féidir leis an ngrúpa roghnú ón liosta seo ag tráth ar bith, ach mar gheall go bhfuil roinnt clubanna leabhar ar siúl ar fud an chontae, moltar ar a laghad trí theideal a ainmniú. Tá súil againn go mbeidh bhur gcéad rogha ar fáil – ach b'fhéidir nach mbeidh dóthain cóipeanna den teideal a roghnaítear, mar gheall ar chineál clubanna leabhar; nó b'fhéidir go bhfuil an teideal ar iasacht le grúpa eile. Ba cheart roghanna a chur in iúl don leabharlann go luath chun soláthar a éascú. Molaimid faoi láthair fógra dhá sheachtain, ar a laghad, a thabhairt.

Déanfaidh do leabharlann áitiúil teagmháil leat a luaithe a thagann do leabhair agus eiseofar iad do do ghrúpa ar feadh 3 mhí. Is féidir leat filleadh ar leabharlann áitiúil tráth ar bith roimh an dáta ba cheart iad a thabhairt ar ais.

## TOSÚ ÓN MBUN ANÍOS

Cé acu má bhíonn tú ag tosú le cairde nó le daoine nach bhfuil aithne agat orthu, smaoineamh maith é an grúpa a iontráil go réidh. Glac an t-am chun daoine a chur in aithne — nó má tá aithne agaibh ar a chéile cheana féin, tabhair beagán eolais faoi do nósanna léitheoireachta nó na húdair is fearr leat. Tharlódh gur roghnaigh tú agus gur scaip tú an chéad leabhar roimh an gcéad chruinniú agus go mbeidh iarracht mhór déanta ag gach duine an chéad léamh a chríochnú.  Ní gá duit ach cúpla ceist a chur chun tús a chur leis an chomhrá. Gníomhartha tosaigh spreagtha - ba cheart go gcuirfeadh aon cheann díobh seo a leanas tús leis an chomhrá:

- Iarr ar gach léitheoir an cheist a fhreagairt, "Ar thaitin an leabhar leat?" nuair a bhíonn daoine á gcur in aithne. Nuair a bhíonn daoine curtha in aithne, beidh dóthain tuairimí agat chun tús maith a chur leis an phlé.
- Iarr ar gach léitheoir focal amháin a roghnú a dhéanann cur síos ar an leabhar.
- Iarr ar gach léitheoir an bhfuil an leabhar seo cosúil leis an leabhar a léann siad de ghnáth.

Mar an t-éascaitheoir, caith leat féin mar mhaor liteartha. Is fútsa atá sé a chinntiú go bhfuil an deis ag gach duine a dtuairimí a roinnt le meas faoin rogha leis an ghrúpa. Ní gá duit comhaontú nó easaontú le gach ráiteas a dhéanann léitheoir. Fiafraigh den ghrúpa tríd an gceist a chur, "An gcomhaontaíonn gach duine le ráiteas Dhaithí?"

Is cuma le roinnt daoine nuair a chuirtear isteach orthu agus bíonn an ghráin ag daoine eile air! Ag brath ar dhinimic an ghrúpa, b'fhéidir gurbh fhiú na leideanna seo a bheith in aice láimhe agat, ar eagla na heagla.

*Cur isteach* — beidh duine ann i gcónaí a thosaíonn ag labhairt fad a bhíonn duine eile ag labhairt. Díograis, seachas drochbhéasa, is cúis le cur isteach i rith plé an chuid is mó den am. Glac smacht ar an gcur isteach trí "Fillfimid air sin, a Sheryl. Beimid ag iarraidh éisteacht leis arís nuair a bheidh Angie críochnaithe."

*An comhrá gafa ag duine amháin* — bris isteach ar bhall den ghrúpa a bhíonn ag labhairt ró-fhada trína rá, "Pointe suimiúil atá díreach déanta agat. An raibh aon duine eile faoin tuairim chéanna nó an raibh tuairim eile agaibh?" "Tá roinnt pointí suimiúla déanta agat, a Frances. Cuirimis an cheist ar léitheoir eile. A Threasa? Cad a cheap tú?"

*An grúpa a choimeád dírithe ar ábhar an leabhair* — déan iarracht gan ligean do léitheoirí dul ar strae agus dírigh arís iad ar ábhar an leabhair má théann siad ar strae. Cabhraíonn sé le rudaí a rá ar nós, "Fillimis ar dheireadh chaibidil 4". Cad a cheap tú ag an bpointe seo?" "Tá ceist agam faoin gcás ar leathanach 125. Cad atá ag tarlú anseo i ndáiríre?"

*Éist go cúramach leis an mhéid atá á rá ag rannpháirtithe* — abair ráitis nó ceist léitheora ar bhealach eile le bheith cinnte go dtuigeann tú féin agus daoine eile an méid a bhí i gceist. Is gá seo a dhéanamh go háirithe nuair a dhéileáiltear le rannpháirtí foclach.

*Tabhair an deis do gach duine cur leis an phlé* — tabhair léitheoirí ciúine san áireamh trí cheisteanna neamhiata a chur go díreach. Ach ná déan na rannpháirtithe a cheistiú arís agus arís eile ar soiléir nach mian leo páirt a ghlacadh. B'fhéidir nár chríochnaigh siad an leabhar agus b'fhéidir nach mian leo sin a admháil. Bain triail as an gceist, "Cad a thaitin/nár thaitin leat faoin leabhar, a Dhaithí?"

## TREOIRLÍNTE D'ÉASCAITHEOIRÍ

### 10 gceist chabhróidh le plé a spreagadh:

- Conas a léirítear teideal an leabhair sa leabhar?
- Cén carachtar a cheapann tú é glór an údair?
- An bhfuil an príomhcharachtar taitneamhach? Cén fáth go bhfuil nó cén fáth nach bhfuil?
- An raibh rudaí le réiteach go fóill ag an údar? Cérbh iad?
- Cad a cheapann tú gur mhian leis an údar go mbainfeadh an léitheoir ón leabhar?

- Cad iad na rudaí a dhéanann mioncharachtar speisialta? Cén fáth a bhfuil tábhacht leis an charachtar seo i dtaobh an scéil?
- Cad a cheapann tú a tharlaíonn do na carachtair anois? (i ndiaidh gur casadh an leathanach deireanach)
- An molfá an leabhar seo? Cén fáth go bhfuil nó cén fáth nach bhfuil? Má mholfá é, cad a déarfá faoi?
- Cén fáth gur roghnaíodh an leabhar seo le plé a dhéanamh air?
- An ndéanfaí scannán maith den leabhar seo? (roghnaigh na haisteoirí sa scannán)

## Ceisteanna breise le plé

- Cad a dhéanann leabhar ar leith den leabhar?
- An bhfuil an tréimhse ina bhfuil an leabhar suite tábhachtach maidir leis an téama? Cén fáth? An bhfuil na luachanna a chuirtear i láthair seanaimseartha? Conas?
- An bhfuil suíomh an leabhair tábhachtach maidir leis an téama? Cén fáth? Cé chomh réalaíoch atá an suíomh?
- An mbaineann téama an leabhair le hinscne an phríomhcharachtair? Conas?
- Cad a rinne an t-údar iarracht a dhéanamh sa leabhar? Ar éirigh leis?
- Cad é cruinneshamhail an údair?
- An raibh an plota agus na fophlotaí inchreidte? An raibh siad suimiúil?
- An raibh rudaí le réiteach go fóill ag an údar? Cérbh iad?
- Cé chomh hintuigthe a bhí spreagadh na gcarachtar? Cad a spreag iompar na gcarachtar?
- Conas atá an leabhar struchtúraithe? An dtagann athchuimhní chugat? Ó thuairim amháin? Cén fáth a gceapann tú gur roghnaigh an t-údar an leabhar a scríobh ar an mbealach seo?
- Conas a chabhraíonn friotal an leabhair an téama a chur in iúl?
- An mbraitheann an t-údar go mór ar íomhánna agus siombalachas?

## Ag caint faoi leabhar nár thaitin le duine ar bith

Ní bíodh ionadh ort má thugann na léitheoirí go léir chuig an phlé le fios a mhéid ba ghráin leo an leabhar, na carachtair, an scríbhneoireacht, an t-ábhar, gach rud! Is minic go spreagann leabhair nár thaitin le duine ar bith an plé is fearr. Cuir na ceisteanna seo a leanas, le daoine a spreagadh caint faoin méid nár thaitin leo faoin leabhar:

- Ag cén pointe a rinne tú an cinneadh stop a chur leis an leabhar a léamh agus cén fáth?
- Cad a spreag thú le léamh a fhad le deireadh an leabhair?
- Cén carachtar ba lú a thaitin leat?
- An bhfuil aon chinn de na cásanna sa leabhar seo réalaíoch?
- An gceapann tú go bhfuil an comhrá nádúrtha?
- Cad a d’fhéadfadh an t-údar a athrú chun leabhar a dhéanamh den leabhar seo a thaitneodh leat?

- An mbeadh an leabhar seo ní b'fhearr dá mbeadh sé i bhformáid eile? (i.e. mar chloschaiséad nó scannán)

### Nuair a bhíonn ort dul sa seans mar éascaitheoir

Is féidir leis an saol a bheith gnóthach agus fiú mar éascaitheoir, ní bhíonn an t-am ná an spreagadh ag gach duine chun gach leabhar a roghnaítear a chríochnú. B'fhéidir gur cheap tú go raibh teideal leadránach nó míthaitneamhach go leor! Mura n-éascaíonn tú ní chiallaíonn sé sin go díreach gur gá duit sracadh leat go bun an angair...

Léigh ar a laghad dhá léirmheas. Léigh ábhar faoi chúlra an údair. Coimeád an plé dírithe ar fhreagairtí agus tuairimí an ghrúpa. Cuir na ceisteanna ónár moltaí thuas nó thíos.

Ceapaimid gur fearr insint don ghrúpa nach raibh an t-am agat an leabhar a léamh nó an tsuim agat chun é a chríochnú. Cuirfidh seo cosc ar dhuine ar bith ceist ar leith a chur ort faoin leabhar a bhféadfadh nach mbeifeá in ann a fhreagairt.

## LEIDEANNA CHUN LEABHAIR DO CHLUB LEABHAR A ROGHNÚ

### Ná léigh na leabhair is mó a thaitníonn le daoine

Má léitear leabhar arb "aoibhinn" le duine éigin, d'fhéadfaí duine a ghortú — cosúil le daoine a thabhairt isteach i do sheomra suí chun léirmheas a dhéanamh ar do mhaisiú. Ouch! Is fearr bheith neodrach i gcónaí.

### Roghnaigh leabhar a chuirfidh plé maith ar siúl

Níl mórán i roinnt leabhar is féidir a phlé. B'fhéidir gur leabhair iontacha iad (rúndiamhair, scéinséirí spiaire) ach b'fhéidir gur beag ar féidir labhairt fúthu.

Aimsigh "ficsean liteartha", saothair atá saibhir ó thaobh carachtrachta agus smaointe.

Ná déan dearmad ar neamhfhicsean—cuireann saothair lena mbaineann tábhacht stairiúil nó shocheolaíoch deiseanna maithe ar fáil chun plé a dhéanamh.

### Ná éirigh sáinnithe

D'fhéadfadh roinnt rudaí atá cosúil lena chéile bheith leadránach, mar sin, déan stíleanna agus seánraí a mheascadh. Déan leabhair d'ábhar tromchúiseach a mheascadh le leabhair d'ábhar éadrom; déan ficsean (reatha agus clasaiceach) a mheascadh le neamhfhicsean agus fiú filíocht nó drámaíocht. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar leabhar maith Staidéir Áitiúil a roghnú ó thráth go chéile, chomh maith.

### Ní ceadaigh do na daoine céanna na leabhair a roghnú

Cinntigh go mbíonn deis ag gach duine a dtuairim a nochtadh faoi cén leabhair ba cheart a roghnú. Mura féidir leis na baill cinneadh a dhéanamh, nó mura ndéanfaidh siad cinneadh, ba cheart don éascaitheoir leanúint ar aghaidh agus an teideal a roghnú don chéad phlé eile.